

# An tSeirbhís Chomhréitigh



## An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais An tSeirbhís Chomhréitigh



100, Wellington Quay, Dublin 8, Ireland  
Tel: 01 454 4400 Fax: 01 454 4401  
www.lrc.ie

# An tSeirbhís Chomhréitigh



## Misean

*“Seirbhís comhréitigh neamhspleách, thapa agus éifeachtúil a sholáthar a fheidhmíonn ar ardchaighdeán tríd is tríd sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha araon”*

## Ceisteanna Coitianta

### 1. Cad is comhréiteach ann?

Is próiseas deonach é comhréiteach ina gcabhraíonn éascaitheoir gairmiúil le fostóirí agus le fostaithe chun díospóidí a réiteach nuair nár éirigh lena gcuid iarrachtaí féin gan aon chabhair. Is féidir cur síos a dhéanamh ar an bpróiseas mar chuardach éascaithe chun comhaontú a fháil idir páirtithe a bhaineann leis an díospóid.

### 2. An oibríonn sé?

Oibríonn. Bíonn comhréiteach an-éifeachtach nuair atá iarracht déanta cheana ag na páirtithe chun réiteach a fháil ar an díospóid iad féin trí phlé agus idirbheartaíocht ar bhain brí leo a dhéanamh ar leibhéal fiontair.

### 3. Conas a oibríonn sé?

Sanann an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais comhréiteoir, ar a thugtar Oifigeach Caidreamh Tionsclaíoch (OCT), a fheidhmíonn mar chathaoirleach neamhspleách, neamhchlaonta i gcainteanna agus in idirbheartaíochtaí idir na foirne idirbheartaíochta a dhéanann ionadú don fhostóir agus do na fostaithe. Is é tasc an OCT cúnamh a thabhairt dóibh ina gcuid iarrachtaí chun teacht ar réiteach ar an díospóid a bheidh sásúil do gach aon taobh.

### 4. Cé is féidir leo an tseirbhís a úsáid?

Ta an tseirbhís ar fáil do na fostaithe agus na fostóirí go léir seachas dóibh siúd atá curtha as an áireamh ag an dlí, mar atá: an tArm, na Gardaí agus an tseirbhís príosúin. Tá an tseirbhís ar fáil ar bhonn ad hoc nuair a bhíonn cúnamh ag teastáil ón dá thaobh, áfach, fiú i gcás na bhfostaíochtaí curtha as an áireamh. Ní gá d’fhostaithe a bheith ina mbaill de cheardchumann agus ní gá go mbeadh baint ag fostóirí le comhlacht ionadaíoch chun an tseirbhís a úsáid.

## **5. An féidir leat sampla a thabhairt dom den chineál díospóide a chuirtear ar aghaidh chuig comhréiteach?**

Áirítear ar ghnáthshamplaí na gcineálacha saincheisteanna a bpléadh leo sa phróiseas comhréitigh éilimh le haghaidh feabhsuithe i bpá nó coinníollacha fostaíochta, cásanna araíonachta, saincheisteanna ghráduithe, díospóidí a thagann chun cinn mar gheall ar athruithe a moladh maidir leis an mbealach a dhéantar an obair, athstructúru cuideachta srl.

## **6. Cad a tharlaíonn sa chomhréiteach?**

Is éard a bhíonn i gceist le comhréiteach ná sraith cruinnithe a reáchtáiltear de ghnáth ar an lá céanna agus iad rangaithe mar chomhdháil chomhréitigh. Tosaíonn an próiseas le OCT ag déanamh cathaoirleacht ar chomhchruinniú na bpáirtithe i.e. an fostaí nó na fostaithe agus an fostóir agus/nó a gcuid ionadaithe.

Buaileann an OCT le hionadaí gach páirtí ansin ar a aonair. Cuireann an comhchruinniú ar chumas an OCT éisteacht le tuairimí gach páirtí agus chun aon saincheist fírice stairiúla a bhaineann leis an saincheist faoi dhíospóid a shoiléiriú. Cuireann cruinniú ar leith le gach páirtí ar chumas an OCT iniúchadh a dhéanamh ar an bhfeidearthacht maidir le teacht ar chomhaontú ar mholtaí chun an saincheist faoi dhíospóid a réiteach.

Coinneoidh an OCT an faisnéis go léir a fhaightear i rith an chomhréitigh faoi rún. Ní thabharfaidh sé nó sí an fhaisnéis seo do pháirtí ar bith eile mura shaincheadaítear é sin.

Is próiseas neamhfhoirmiúil é an próiseas comhréitigh agus tá sé neamhdhlíthiúil ina chleachtas. Tá na páirtithe saor chun ionadaíocht a dhéanamh orthu féin nó chun ionadaíocht ó cheardchumainn nó ó heagraíochtaí fostóra a fháil. Ní chreideann an Coimisiún go n-éilíonn nádúr an phróisis ionadaíocht dhlíthiúil ó cheachtar páirtí ag cruinnithe comhréitigh.

## **7. Cé hé nó hí an Comhréiteoir?**

Is oifigeach ón gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais é an comhréiteoir nó an tOifigeach Caidreamh Tionsclaíoch (OCT). Tagann gach OCT ó chúlra seirbhís poiblí neamhspléach. Is daoine oilte iad agus is saineolaithe iad le taithí ar theicníochtaí idirghbhála agus comhréitigh.

# An tSeirbhís Chomhréitigh



## 8. Cé atá i gceannas?

Coinníonn an fostóir agus ionadaithe na bhfostaithe an smacht i rith an phróisis chomhréitigh. Ní bhrúnn an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais toradh orthu riamh. Socraíonn na páirtithe iad féin go deonach ar réiteach na díospóide mar thoradh. Ar an gcaoi chéanna, nuair nach socraíonn páirtithe ar réiteach na ndíospóide ag an gcomhréiteach is fúthu féin a bhíonn sé.

## 9. Conas a chuirfidh mé tús le comhréiteach?

Tosaíonn an próiseas comhréitigh nuair a scríobhann páirtí amháin nó an dá pháirtí faoi dhíospóid chuig an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais ag iarraidh cúnamh chun na ndíospóid caidrimh thionsclaíoch a réiteach. Tugann an Coimisiún freagra dearfach ar iarratais den sórt sin agus téann sé i dteagmháil leis an dá pháirtí chun a dhearbú gur mhian leo freastal ar an gcomhréiteach. Tabharfar socruithe le haghaidh cruinnithe comhréitigh chun críche nuair a dhearbhaíonn an dá pháirtí go bhfuil siad toilteanach páirt a ghlacadh sa phróiseas amháin. Tá rannpháirtíocht go hiomlán deonach.

## 10. Cén faisnéis ar chóir dom a thabhairt don Choimisiún um Chaidreamh Oibrithe nuair atá comhréiteach á iarraidh?

Cabhraíonn tú leis an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais chun d'iarratas a phróiseáil go tapa nuair a chuireann tú an fhaisnéis seo a leanas ar áireamh i d'iarratas:

- Ainm an fhostóra, seoladh, uimhreacha gutháin agus facs an fhostóra
- Ainm ionadaí an fhostóra (más ann), seoladh, uimhreacha gutháin agus facs an ionadaithe
- Ainm an cheardchumainn nó na gceardchumann atá bainteach leis an gcás (más ann), ainm an oifigigh nó na n-oifigeach atá bainteach leis an gcás, uimhreacha gutháin agus facs
- Ainmneacha ceardchumainn nó ceardchumann nó páirtithe eile atá bainteach leis an gcás, uimhreacha gutháin agus facs
- Líon agus catagóir na bhfostaithe atá bainteach leis an gcás
- Nadúr na saincheiste nó na saincheistanna faoi dhíospóid
- Ainm agus síniú an duine atá ag iarraidh an comhréitigh agus dáta an iarratais.

## 11. Conas a réiteoidh mé le haghaidh comhréitigh?

Tá sé riachtanach go dtuigfidh gach rannpháirtí coincheap an chomhréitigh agus an nós imeachta a thagann ina dhiaidh i rith na comhdhála mar atá leagtha amach thuas, roimh dó nó di freastal ar an gcomhdháil.

Ba chóir cuimhneamh i gcónaí gurb iad na páirtithe féin atá i gceannas ar an díospóid agus go deimhin is iad na páirtithe féin a bheartaíonn ar réiteach díospóide mar thoradh. Tá sé tábhachtach mar sin go bhfuil ullmhúcháin déanta roimh na comhdhála chomhréitigh. Ba chóir smaoineamh ar na pointí seo a leanas chun cabhrú leat:

- Ba chóir go mbeadh comhráite áitiúla curtha ar siúl agus gach iarracht déanta chun réiteach a fháil ar an gceist ag an leibhéal áitiúil
- Ba chóir go mbeadh gach páirtí toilteanach páirt a ghlacadh sa phróiseas
- Ba chóir go mbeadh na páirtithe sa díospóid solúbtha maidir lena ndearcadh féin agus dearcadh an taoibh eile ionas go n-éireoidh leis an bpróiseas
- Ní mór go mbeidh na páirtithe a fhreastalóidh ar an gcomhdháil toilteanach chun idirbheartaíocht a dhéanamh agus chun teacht ar réiteach a bheadh sásúil don dá thaobh
- Ba chóir go mbeadh suim ag na páirtithe chun na saincheisteanna faoi dhíospóid a réiteach
- Ba chóir go mbeadh mandáid infheidhme ag páirtithe chun idirbheartaíocht a dhéanamh maidir leis na saincheisteanna a bhaineann leis an gcás
- Ba chóir go dtuigfidh gach páirtí agus gach ionadaí na saincheisteanna faoi dhíospóid go soiléir
- D'fhéadfadh gur buntáiste a bheadh ann do gach páirtí má bhíonn réitigh fhéideartha ar an díospóid aithnithe acu roimh an gcomhdháil
- Ba chóir go mbeadh taighde déanta ag an dá thaobh ar an bhfaisnéis chúig leir agus ba chóir go mbeadh sé ar fáil ag an gcomhdháil. D'fhéadfadh gur buntáiste a bheadh ann freisin má bhíonn daoine a bhfuil saintaithí acu i réimsí ar leith i láthair ag an gcomhdháil
- Ba chóir go mbeadh comhchomhairle iomlán a bhaineann leis na saincheisteanna faoi dhíospóid curtha ar siúl le páirtithe cúig, comhlachtaí nó eagraíochtaí

# An tSeirbhís Chomhréitigh



- Ba chóir go mbeadh na páirtithe toilteanach chun gach gné den chás a phlé go hoscailte leis an OCT. Coinníonn an OCT an fhaisnéis go léir a fhaightear i rith an chomhréitigh faoi rún agus ní thabharfaidh sé nó sí an fhaisnéis seo don taobh eile mura shaincheadaítear é sin
- Ba chóir go mbeadh foirne idirbheartaíochta toilteanach chun tógraí um réiteach comhaontuithe a mholadh do na grúpaí a ndéanann siad ionadaíocht dóibh.

## 12. Cé mhéad a chosnaíonn sé?

Is seirbhís phoiblí é an comhréiteach agus tá sé curtha ar fáil saor in aisce d'úsáideoirí. I gcásanna áirithe nuair atá páirtithe lonnaithe i bhfad ó Bhaile Átha Cliath, b'fhéidir go n-iarrfar orthu ionad a sholáthar le haghaidh na cruinnithe. Mura féidir leis na páirtithe é seo a dhéanamh, cuirfidh an Coimisiún ionad ar fáil i gcónaí.

## 13. An gcaithfidh mé taisteal go Baile Átha Cliath le haghaidh comhréitigh?

Soláthraítear an comhréiteach ar fud na tíre. Déanann an Coimisiún gach iarracht chun cruinnithe a eagrú ag láthair atá cóngarach do na páirtithe.

## 14. Cad iad torthaí an chomhréitigh?

Is féidir le dhá thoradh a bheith ar an bpróiseas comhréitigh – réiteach ar an díospóid nó easaontú leanúnach.

Tarlaíonn an réiteach nuair a shocraíonn na páirtithe iad féin ar chomhaontú a bhfuil gach aon taobh sásta leis sa chomhréiteach nó nuair a ghlacann siad le togra réitigh atá molta ag an OCT. Déanfaidh an OCT togra, de ghnáth, nuair atá sé nó sí sásta go molfaidh na foirne idirbheartaíochta go nglacfaí leis. Ní leagann an OCT togra ar na páirtithe. Is féidir leis an OCT imeachtaí a chur ar atráth chun deis a thabhairt do na páirtithe smaoineamh ar a roghanna. Nuair a chríochnaíonn an próiseas agus easaontas leanúnach fós ann, tá rogha ag na páirtithe an díospóid a chur faoi bhraid na Cúirte Oibreachais chun moladh a fháil. Ní chuirfidh an OCT saincheist faoi dhíospóid ar aghaidh chuig an gCúirt Oibreachais mura theastaíonn ó na páirtithe go ndéanfaidh sé nó sí é sin – fanann siad i gceannas ar an bpróiseas.

## **15. Cad a tharlaíonn le cás gan réiteach a chuirtear ar aghaidh chuig an gCúirt Oibreachais?**

Tionólfaidh an Chúirt Oibreachais, le comhaontú na bpáirtithe, éisteacht inar féidir leis an dá pháirtí cuntas a thabhairt ar an gcás. Sna cuid is mó de na cásanna, eiseoidh an Chúirt moladh ansin don dá pháirtí ag tabhairt cuntais ar an modh ar féidir réiteach a fháil ar an saincheist. Tá sonraí iomlána nósanna imeachta na Cúirte Oibreachais le fáil ag [www.labourcourt.ie](http://www.labourcourt.ie)

## **16. Cá dhéanfaidh mé iarratas le haghaidh cúnamh?**

Ba chóir gach iarratas le haghaidh cúnamh agus ceisteanna a bheith i bhfoirm scríbhíne agus a sheoladh chuig:

Stiúrthóir na Seirbhísí Comhréitigh

An Choimisiún um Chaidreamh Oibreachais

Teach Tom Johnson

Bóthar Haddington

Baile Átha Cliath 4

Ríomhphost: [conciliation@lrc.ie](mailto:conciliation@lrc.ie) Gutháin: + 353 1 6136700, Facs: + 353 1 6136701

Nó

Trí na foirmeacha fíorúcháin ar líne [www.lrc.ie](http://www.lrc.ie)

# An tSeirbhís Chomhréitigh